Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13416/22
ADD 1

LIMITE

CORLX 906
CFSP/PESC 1313
MOG 94
CONUN 233
FIN 1054

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/932/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Éimin<br>- Iarscríbhinn |

## IARSCRÍBHINN

Cuirtear an iontráil seo a leanas faoin bhfo-cheannteideal 'Daoine' san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/932/CBES (Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagail 1(1), 2a(1) agus Airteagal 2b(1) agus (2)):

'12. Ahmad Al-Hamzi

Script bhunaidh: أحمد الحمزي

**Ainmniúchán:** Maorghinearál, Ceannasaí ar Aerfhórsa Houthi agus ar Fhórsaí Aerchosanta **Dáta breithe:** 1985 **Áit bhreithe:** Sana'a, Yemen **Ardcháilíocht ar a dtugtar freisin:** n/b **Cáilíocht íseal ar a dtugtar freisin:** **a)** Ahmad 'Ali al-Hamzi **b)** Ahmad 'Ali Ahsan al-Hamzi **c)** Ahmed Ali al-Hamzi **d)** Muti al-Hamzi **Náisiúntacht:** Yemen **Uimhir an phas:** n/b **Uimhir aitheantais náisiúnta:** n/b **Seoladh:** Yemen **Liostaithe ar**: an 4 Deireadh Fómhair 2022 **Faisnéis eile:** Tá ról ceannasach ag Ahmad al-Hamzi, Ceannasaí ar Aerfhórsa Houthi agus ar Fhórsaí Aerchosanta, chomh maith lena chlár UAV, in iarrachtaí míleata Houthi a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Éimin i mbaol go díreach. Cur síos fisiceach: Dath na súl: Donn; Gruaig: Donn. an nasc gréasáin le haghaidh fógraí speisialta de chuid INTERPOL-Comhairle Slándála NA:
https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

PUBLIC

**Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:**

I gcomhréir le roinn 5(h) dá Threoirlínte, cuireann Coiste na Comhairle Slándála, arna bhunú de bhun rún 2140, ar fáil insint achomair ar na cúiseanna atá leis an liostú do dhaoine aonair, grúpaí, gnóthais agus eintitis a áirítear ar a liosta smachtbhannaí.

An dáta a cuireadh an insint achomair ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choiste:
an 4 Deireadh Fómhair 2022.

Liostaíodh Ahmad Al-Hamzi an 4 Deireadh Fómhair 2022 de bhun mhíreanna 11 agus 15 de Rún 2140 (2014), mar dhuine a chomhlíonann na critéir ainmniúcháin a leagtar amach i mír 17 de Rún 2140 (2014), lena n-áirítear mar a mhínítear a thuilleadh i mír 19 de Rún 2216 (2015).

Ghlac Ahmad Al-Hamzi páirt i ngníomhaíochtaí agus thug sé tacaíocht do ghníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Éimin i mbaol, lena n-áirítear sáruithe ar an trádbhac spriocdhírithe arm.

*Faisnéis bhreise:*

Agus é ag feidhmiú mar Cheannasaí ar Aerfhórsa Houthi agus ar Fhórsaí Aerchosanta, chomh maith lena chlár UAV, fuair al-Hamzi airm lena n-úsáid i gcogadh cathartha Éimin de shárú ar an trádbhac arm spriocdhírithe mar a leagtar amach i mír 14 de Rún 2216 (2015) é. Faoi cheannas Mhaorghinearál Al-Hamzi, rinne fórsaí míleata Houthi ionsaithe UAV spriocdhírithe. Tá Al-Hamzi freagrach as ionsaithe a rinne fórsaí Houthi a bhfuil tionchar acu ar shibhialtaigh d'Éimin, ar náisiúin a bhfuil teorainn acu léi, agus ar shoithí tráchtála in uiscí idirnáisiúnta a eagrú.

*Ról gníomhach míleata a fhíorú:*

- Al-Sharea News (in Araibis) - *'The Masterminds of the Houthi Attacks'* [Na daoine a phleanáil ionsaithe Houthi] (https://alsharaeanews.com/2021/03/08/54527/) *[Arna rochtain an 11 Feabhra 2022]* ('Bhí ról lárnach ag Mansour Al-Saadi agus Ahmed Al-Hamzi, beirt fhear in aerfhórsa agus i gcabhlach Houthi a bhfuil mistéir ag baint leo, sa chogadh in Éimin, ag cur lena tionchar go dtí gur cuireadh críocha na hAraibe Sádaí agus slándáil na Mara Rua i mbaol.')

PUBLIC